# Ceann Scoile
# Ról, Freagrachtaí agus Nósanna Imeachta Ceapacháin

12 Samhain 2019

---

***Réamhrá***

*Déantar cur síos sa dhoiciméad seo ar róil agus ar fhreagrachtaí Ceann Scoile agus ar na nósanna imeachta ceapacháin atá i bhfeidhm ina leith. Aithnítear go mbeidh roinnt éagsúlachta agus solúbthachta laistigh de Choláistí. Déantar talamh slán de anseo go mbeidh Bord Scoile (a mbeidh an fhoireann iomlán air) agus Coiste Feidhmiúcháin Scoile (grúpa níos lú faoi cheannaireacht an Chinn Scoile) ag gach scoil. I gcomhthéacs phrionsabal na coláistíochta, táthar ag súil go gcomhlíonfaidh an Ceann Scoile a d(h)ualgais trí chomhairliúchán cuí leis na páirtithe leasmhara ábhartha ar fad, an fhoireann agus na mic léinn ina measc agus, sa chás gur féidir, go bhféachfaidh sé/sí le polasaithe a fhorbairt agus cinntí a chur i bhfeidhm ar bhonn comhthola.*

## 1. Ról

Is é an Ceann Scoile, agus é/í ag tuairisciú do Dhéan Feidhmiúcháin an Choláiste, atá freagrach as gach gné de cheannaireacht na Scoile. Is é an Scoil an bunaonad acadúil feidhmiúcháin san Ollscoil. Tá an t-údarás ag an gCeann Scoile chomh maith na polasaithe acadúla, riaracháin agus bainistíochta acmhainní a chur i bhfeidhm chomh maith ach dul i gcomhairle le Feidhmeannacht na Scoile agus leis an mBord Scoile. Tá údarás seo an Chinn Scoile ríthábhachtach chun go reáchtálfaí obair na Scoile go héifeachtach, agus san áireamh leis sin tá cothroime, trédhearcacht agus éifeachtacht maidir le próisis chinnteoireachta. Oibreoidh sé/sí go háirithe, ina c(h)áil mar Cheann Scoile, i gcomhar le Déan Feidhmiúcháin an Choláiste, le Coiste Feidhmiúcháin na Scoile, leis an mBord Scoile, le Cinn Disciplín/Roinne, le Stiúrthóirí Clár agus le Stiúrthóirí na nIonad Taighde atá cleamhnaithe leis an Scoil, de réir mar is gá. Beidh ról ríthábhachtach ag an gCeann Scoile i bhforbairt agus i bhfeabhsú na gclár taighde agus teagaisc laistigh den Scoil agus i gcothú feabhais i measc na foirne agus na mac léinn. Cuirfidh an Ceann Scoile ceannaireacht ar fáil agus beidh fís aige/aici chun deiseanna idirdhisciplíneacha nua a chruthú laistigh den Scoil féin agus idir Scoileanna. Áireofar le ról an Chinn Scoile freagrachtaí sainiúla a d'fhéadfadh Déan Feidhmiúcháin an Choláiste a tharmligean.

## 2. Pleanáil Acadúil

Déanfaidh an Ceann Scoile an méid seo a leanas:

- Plean straitéiseach agus pleananna oibriúcháin bliantúla a chur i dtoll a chéile don Scoil, i gcomhthéacs phleanáil an Choláiste agus na hOllscoile trí chéile agus i gcomhairle leis an Déan Feidhmiúcháin, Cinn Disciplín/Roinne, Coiste Feidhmiúcháin na Scoile agus an Bord Scoile, agus oibriú leis an bhfoireann chun a chinntiú go gcuirfear na pleananna i bhfeidhm.

- Cathaoirleacht ar Choiste Feidhmiúcháin na Scoile
- Ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na Scoile ar Choiste Feidhmiúcháin an Choláiste
- An clár oibre a fhorbairt do chruinnithe an Bhoird Scoile, cathaoirleacht a dhéanamh ar na cruinnithe sin agus a chinntiú go reáchtáiltear go héifeachtach iad
- Athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú na Scoile i dtéarmaí a spriocanna comhaontaithe
- A chinntiú go bhfuil cumarsáid chuí ann leis an bhfoireann agus idir na comhaltaí foirne ag gach leibhéal sa Scoil, amhail trí chruinnithe Boird Scoile, nó ar an inlíon.

  D’fhonn a chinntiú go mbeidh línte láidre cumarsáide ann laistigh den Choláiste agus idir Scoileanna, go roinnfear eolas maidir le forbairtí molta, go mbainfear sineirgí amach, agus go ndéanfar pleananna straitéiseacha/acadúla cuimsitheacha agus soiléire a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm laistigh de Choláistí, cuirfidh an Ceann Scoile na doiciméid uile a bhaineann le cruinnithe an Bhoird Scoile ar fáil don Déan Feidhmiúcháin agus, de ghnáth, cinnteoidh sé/sí go mbeidh eolas cuí ag an Déan Feidhmiúcháin faoi ghnó na Scoile. Freastalóidh an Déan Feidhmiúcháin ar chruinnithe Boird Scoile ó am go ham, is é sin thart ar uair amháin gach seimeastar.

**3. Gnóthaí Acadúla**

Déanfaidh an Ceann Scoile an méid seo a leanas:

- Tabharfaidh sé/sí ceannaireacht i dtaobh misean teagaisc agus taighde na Scoile
- Cinnteoidh sé/sí go bhfuil bainistiú cuí i bhfeidhm do gach clár acadúil laistigh den Scoil
- Cinnteoidh sé/sí go mbainfear úsáid as múnla cuí chun an t-ualach oibre a leithdháileadh
- Déanfaidh sé/sí idirdhisciplíneacht agus comhoibriú a chothú laistigh den Scoil, le Scoileanna eile, agus le Coláistí agus le hinstitiúidí eile i réimsí an teagaisc agus an taighde araon
- Cinnteoidh sé/sí go seachadfar cláir teagaisc ar ardchaighdeán
- Cinnteoidh sé/sí go gcuirfear polasaithe iomchuí na hOllscoile i bhfeidhm
- Cuirfidh sé/sí sárchaighdeán, nuálaíocht agus feabhas chun cinn i ngach ábhar a bhaineann le teagasc, foghlaim, taighde, agus riarachán
- Cinnteoidh sé/sí go ndéanfar na cláir atá á dtairiscint ag an Scoil a athbhreithniú, a mheas, a chuíchóiriú agus a fhorbairt ar bhonn rialta
- Beidh sé/sí freagrach as nósanna imeachta éifeachtacha dearbhaithe cáilíochta a fheidhmiú laistigh den Scoil
- Cinnteoidh sé/sí go mbeidh caidreamh cuí ann le mic léinn.

**4. Acmhainní Daonna**

Déanfaidh an Ceann Scoile an méid seo a leanas:

- Glacfaidh sé/sí freagracht as gach gné d’earcú foirne, earcú an Riarthóra Scoile san áireamh, a thagann faoi chúram na Scoile. Ba cheart go mbeadh ról gníomhach ag an gCeann Scoile (nó a (h)ainmní) sa phróiseas earcaíochta agus tá sé inmhianaithe go

mbeadh an Ceann Scoile páirteach sna Boird Measúnóirí a bhaineann le gach ceapachán laistigh den Scoil. Más cuí, féadfaidh an Ceann Scoile ionadaíocht a dhéanamh ar an Uachtarán mar chathaoirleach ar an mBord Measúnóirí.

- Gníomhóidh sé/sí leis an Déan Feidhmiúcháin chun athbhreithnithe promhaidh a chríochnú ar gach comhalta foirne acadúil nuacheaptha faoi réir na dTreoirlínte Promhaidh Acadúil, tar éis dul i gcomhairle leis na Cinn Disciplín/Roinne ábhartha
- Gníomhóidh sé/sí mar is cuí i bpróiseas promhaidh na foirne laistigh den Scoil
- Gníomhóidh sé/sí leis an Déan Feidhmiúcháin i ndáil le nósanna imeachta casaoide foirne agus nósanna imeachta araíonachta ábhartha a bhaineann leis an bhfoireann agus le mic léinn
- Cuirfidh sé/sí an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) i bhfeidhm laistigh den Scoil
- Oibreoidh sé/sí i gcomhar leis na Cinn Disciplín/Roinne chun bainistíocht riaracháin chuí a fhorbairt laistigh den Scoil

## 5. Bainistíocht Airgeadais

Déanfaidh an Ceann Scoile an méid seo a leanas:

- Oibriú leis an Déan Feidhmiúcháin, pearsanra airgeadais an Choláiste agus le hoifig an Sparánaí ar phleanáil airgeadais ilbhliantúil agus ar shocrú buiséid don Scoil a bheidh ag teacht le pleananna straitéiseacha na Scoile
- Cinntiú go bhfuil an Scoil á bainistiú ar bhonn inbhuanaithe, a n-áireofar leis sin:
    i. Foinsí nua ioncaim a aithint agus a chur chun feidhme
    ii. Coigiltis éifeachtachta a aithint agus a chur chun feidhme
    iii. Spriocanna a chomhlíonadh de réir pleananna aontaithe
    iv. Caiteachas a bhainistiú laistigh de bhuiséad faofa na Scoile
    v. Na hacmhainní atá ar fáil a leithdháileadh de réir phlean straitéiseach na Scoile
- Monatóireacht a dhéanamh agus tuairisciú do ghrúpaí cuí ar bhonn rialta ar ioncam agus caiteachas iarbhír i gcomparáid leis an mbuiséad
- Cinntiú go dtabhófar caiteachas de réir pholasaithe agus nósanna imeachta na hOllscoile, reachtaíocht náisiúnta agus an AE, agus go bhfuil an caiteachas sin comhlíontach le gach riachtanas maidir le soláthar, agus go bhfuil pearsanra na Scoile ar an eolas faoi na riachtanais sin.

## 6. Caidrimh Thuairiscithe

- Tuairisceoidh an Ceann Scoile do Dhéan Feidhmiúcháin an Choláiste ar ábhair a bhaineann le riarachán acadúil agus le hacmhainní
- Tuairisceoidh na Cinn Disciplín agus na Leas-Chinn Scoile (sa chás gur ann dóibh) agus comhaltaí foirne acadúla eile, beag beann ar ghrád acadúil, don Cheann Scoile maidir le bainistíocht acmhainní agus acadúil

- Tuairiscíonn Riarthóir na Scoile d'Oifigeach Riaracháin an Choláiste (nó a c(h)oibhéis) ach, ó thaobh feidhmithe de, comhlíonfaidh sé/sí a c(h)uid dualgas faoi stiúir an Chinn Scoile
- Tuairiscíonn comhaltaí foirne teicniúla na Scoile (sa chás gur ann dóibh) do Phríomhoifigeach Teicniúil an Choláiste (nó a c(h)oibhéis) ach, ó thaobh feidhmithe de, comhlíonfaidh siad a c(h)uid dualgas faoi stiúir an Chinn Scoile nó an duine atá tarmligthe ag an gCeann Scoile.

## 7. Ginearálta

- Beidh an Ceann Scoile freagrach as polasaithe agus nósanna imeachta infheidhmithe na hOllscoile a chur chun feidhme, sa chás go bhfuil a leithéid de ról sannta dó/di sna polasaithe agus nósanna imeachta
- Beidh an Ceann Scoile, tar éis dó/di dul i gcomhairle leis na Cinn Disciplín/Roinne agus le Foirgnimh & Eastáit, freagrach as úsáid spáis agus saoráidí laistigh den Scoil
- Nósanna imeachta maidir le Sláinte & Sábháilteacht, Athbhreithnithe Feabhais agus Saoráil Faisnéise a chomhordú agus a chomhaontú leis na Cinn Disciplín/Roinne. Is ar an gCeann Scoile atá an fhreagracht deiridh as Sláinte agus Sábháilteacht sa Scoil
- Tá an fhreagracht ar gach Ceann Scoile polasaithe agus nósanna imeachta maidir le Cosaint Sonraí a chomhordú agus a chur chun feidhme, de réir mar is cuí dá réimse freagrachta.

## 8. Ceapachán an Chinn Scoile

Is post lárnach i struchtúr cinnireachta agus bainistíochta na hOllscoile ról an Chinn Scoile. Ar láimh amháin, is air/uirthi atá an fhreagracht leasanna an Choláiste agus na hOllscoile féin a chosaint, agus an dualgas nósanna imeachta cuí a forbraíodh ag leibhéal an Choláiste agus na hOllscoile a chur i bhfeidhm. Chomh maith leis sin áirítear le ról an Chinn Scoile freagrachtaí a bhaineann leis an bhfoireann agus le mic léinn na Scoile agus an gá ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna na Scoile. Táthar ag súil go mbeidh siad siúd a bhfuil seasamh ollaimh acu toilteanach feidhmiú mar Cheann Scoile, ar ról ceannaireachta é a mbaineann freagracht bhainistíochta líne leis. Mar sin féin, tá an post oscailte do chomhaltaí foirne acadúla buana ag gach grád, ó leibhéal an Léachtóra os cionn an Bhaic aníos.

Is iondúil go líonfar an post trí chomórtas inmheánach. Sa chás go measann an Déan Feidhmiúcháin, i ndiaidh dó/di dul i gcomhairle le Feidhmeannacht an Choláiste agus le Bord na Scoile, gur ghá an post a líonadh go seachtrach ar an mbunús nach bhfuil aon iarratasóir ann a chomhlíonann na critéir don phost agus a mheastar iad a bheith incheaptha, d'fhéadfaí an post a líonadh go seachtrach. D'fhéadfaí an post a fhógairt go seachtrach ansin, faoi réir a fhaofa ag Fochoiste d'Fhoireann Bainistíochta na hOllscoile don Phleanáil Acadúil. Déanfar an ceapachán ina leithéid de chúinsí de réir na hamlíne i gcuid 8.1 thíos, a mhéid agus is féidir.

Leagtar amach thíos na nósanna imeachta ceapacháin do Chinn Scoile:

**8.1 Múnla chun Ceann Scoile a aithint, a mholadh agus a cheapadh**

8.1.1 Ar dháta nach déanaí ná naoi mí sula mbeidh folúntas ann, cuirfidh an Déan Feidhmiúcháin tús leis an bpróiseas d'fhonn Ceann Scoile cuí a cheapadh.

8.1.2 Cuirfidh an Déan Feidhmiúcháin scéala chuig gach comhalta den Scoil atá i gceist faoi bhfolúntas atá ag teacht aníos, mar aon le doiciméad ina leagfar amach róil agus freagrachtaí an Chinn Scoile.

8.1.3 Grúpa Comhairleach na Scoile

8.1.3.1 Tionólfaidh Bord na Scoile Grúpa Comhairleach Scoile ag an am céanna a mbeidh idir ceathrar agus seisear comhaltaí Scoile air, ag brath ar mhéid na Scoile. Beidh an bhallraíocht ionadaíoch ar réimse iomlán na gclár acadúil sa Scoil, agus ag teacht le polasaí na hOllscoile maidir le cothromaíocht inscne.

8.1.3.2 Beidh comhalta sinsearach den scoil, seachas an Ceann Scoile atá dul as oifig nó an Déan, ina c(h)athaoirleach ar an ngrúpa. Ní bheidh baill an ghrúpa i dteideal cur isteach ar phost an Chinn Scoile ina dhiaidh sin. Ní bheidh an Ceann Scoile atá dul as oifig i dteideal a bheith ina bhall den ghrúpa seo.

8.1.3.3 An cuspóir atá ag an ngrúpa próiseas comhairliúcháin a chur i gcrích, thar thréimhse nach faide ná sé seachtaine, maidir le tosaíochtaí straitéiseacha na Scoile. Áireofar ar a laghad cruinniú oscailte amháin de Bhord na Scoile leis an gcomhairliúchán sin. Déanfar na tosaíochtaí sin a chomhaontú i gcomhthéacs Phleananna Straitéiseacha na hOllscoile agus an Choláiste. Moltar mar sin go mbeadh an Déan páirteach sa phróiseas.

8.1.3.4 Is é aidhm an chomhairliúcháin seo eolas comhthéacsúil a thabhairt d'iarratasóirí a d'fhéadfadh a bheith ag breithniú iarratas a dhéanamh ar an bpost seo. Ní ann é chun iarratasóirí a aithint ná a ainmniú.

8.1.4 Déanfar gairm ar iarratais trí nósanna imeachta earcaíochta inmheánacha Acmhainní Daonna faoi dháta dúnta nach déanaí ná 7 mí sula mbeidh an folúntas ann.

8.1.5 Déanfaidh an Déan Feidhmiúcháin comhordú ar bhunú Bord Measúnaithe:

8.1.5.1 Seo a leanas ballraíocht an Bhoird:

- Déan Feidhmiúcháin an Choláiste (Cathaoirleach)
- Beirt chomhaltaí d'fhoireann acadúil na Scoile (arna n-ainmniú ag Bord na Scoile), ní mór do dhuine acu sin seal a bheith caite aige/aici mar bhall de Ghrúpa Comhairleach na Scoile
- Beirt chomhaltaí den fhoireann acadúil, duine acu ó Scoil eile sa Choláiste agus duine ó Choláiste eile, arna n-ainmniú ag an Déan

Feidhmiúcháin, i ndiaidh comhairliúchán cuí leis an Scoil, agus arna gceapadh ag an Uachtarán.[1]

- Cloífidh an Bord le riachtanas na hOllscoile maidir le cothromaíocht inscne ar an iomlán i mballraíocht bord roghnúcháin.

8.1.5.2 Is é an ról atá ag an mBord Measúnaithe measúnacht a dhéanamh ar fhiúntas gach iarratasóra trí úsáid a bhaint as próiseas caighdeánaithe agus comhsheasmhach, agus an t-iarratasóir a bhfuil an fiúntas is fearr acu i gcomhthéacs na critéir atá sonraithe don phost a mholadh.

8.1.6 Glaofar gach iarratasóir incháilithe chun agallaimh leis an mBord Measúnaithe. Ba cheart d'iarratasóirí cur i láthair a dhéanamh, a mbeidh cuireadh ag comhaltaí uile na Scoile aige, ina leagfaidh siad amach a gcuid pleananna don Scoil. Ní ceadmhach dóibh siúd a bheidh i láthair ceisteanna a chur ach amháin i ndáil leis an gcur i láthair, agus iarrfaidh an Bord Measúnaithe ar na comhaltaí Scoile atá i láthair ag na cuir i láthair aiseolas a thabhairt. Táthar ag súil go dtabharfaidh an Bord Measúnaithe aird chuí ar thuairimí chomhaltaí na Scoile a bhíonn i láthair ag gach cur i láthair. Níl vótáil foirmeálta sa phróiseas seo, ach amháin i gcinnteoireacht deiridh an Bhoird Mheasúnaithe féin, más gá.

8.1.7 Ní mór d'aon achomharc a dhéanfar a bheith ag teacht le polasaí earcaíochta na hOllscoile.

8.1.8 Cuirfidh an Bord Measúnaithe moladh faoi bhráid an Uachtaráin maidir le hainm an iarratasóra is rogha leis an Uachtarán, agus déanfaidh sé/sí an ceapachán. Is iondúil go gcuirfear in iúl don iarratasóir rathúil gur éirigh leis/léi tráth nach déanaí ná trí mhí sula nglacann sé/sí le ról an Chinn Scoile. Glacfaidh an t-iarratasóir rathúil an tráth sin le ballraíocht d'Fheidhmeannacht na Scoile féachaint le cabhrú le trasdul éasca.

8.1.9 Cuirfear an tuairisc, a mhéid is a bhaineann sí le hiarratasóirí rathúla amháin, ar aghaidh chuig Bord na Scoile le cur sna miontuairiscí.

8.1.10 Má fhágann an t-iarratasóir a cheaptar an ról laistigh de 12 mhí den ról a bheith glactha aige/aici, líonfar an post de réir an pholasaí earcaíochta.

## 8.2 Incháilitheacht

Tá comhaltaí foirne laistigh den Scoil ábhartha a bhfuil post Ollaimh, Léachtóra Shinsearaigh nó Léachtóra os Cionn an Bhaic acu, ar an gcoinníoll gur dearbhaíodh ina bpoist iad, incháilithe lena gceapadh mar Cheann Scoile.

[1] Déanfaidh Bord na Scoile na comhaltaí a bheidh ar an mBord Ceapacháin a thoghadh ar dtús, agus sula bhfógrófar an post ar chuma ar bith, agus is iondúil go mbeidh siad sin cothrom ó thaobh inscne de.

### 8.3 Téarma Oifige agus Nós Imeachta Athcheapacháin

Ceapfar Cinn Scoile ar feadh tréimhse ceithre bliana go hiondúil, agus féadfar tréimhse ceithre bliana eile a chur léi sin, ar mholadh ón Déan chuig an Uachtarán, agus i ndiaidh dul i gcomhar le Bord na Scoile. Ina leithéid de chás, ba cheart don Cheann Scoile a bhfuil a t(h)éarma oifige caite aige/aici an Déan a chur ar an eolas i scríbhinn tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh a t(h)éarma oifige más mian leis/léi go ndéanfaí breithniú air/uirthi don dara téarma.

**Nótaí:**

- Ba cheart go mbeadh na nósanna imeachta comhlíontach leis na riachtanais Comhionannais Deiseanna ag gach céim den phróiseas
- Beidh an Ceann Scoile i dteideal iarratas a dhéanamh ar shaoire shabóideach, anuas ar an ngnáth-theidlíocht atá ann i leith saoire shabóideach, laistigh de 12 mhí dá t(h)éarma a chríochnú chun go ndéanfar éascaíocht dó/di filleadh ar a g(h)níomhaíochtaí taighde go mear.[1] I gcásanna ina gcríochnaíonn téarma/téarmaí an Chinn Scoile i gcomhthráth le hincháilitheacht iarratas a dhéanamh ar Shaoire Shabóideach mar atá leagtha amach sa Pholasaí maidir le Saoire Shabóideach (QA238), féadfaidh an Ceann Scoile a bhfuil a t(h)éarma oifige caite aige/aici ansin iarratas a dhéanamh ar suas le 6 mhí de Shaoire Shabóideach bhreise in aghaidh gach téarma a caitheadh mar Cheann Scoile,[2] faoi réir chomhlíonadh gach gné eile den Pholasaí maidir le Saoire Shabóideach.[3]
- Seachas i gcásanna eisceachtúla, ní chuirfear isteach ar théarma mar Cheann Scoile le tréimhse de Shaoire Shabóideach. I gcásanna ina dtagann incháilitheacht chun iarratas a dhéanamh ar Shaoire Shabóideach mar atá leagtha amach sa Pholasaí maidir le Saoire Shabóideach (QA238) chun cinn le linn téarma Cinn Scoile, de ghnáth cuirfidh an Ceann Scoile an tSaoire Shabóideach ar athló go dtí go mbeidh an téarma mar Cheann Scoile críochnaithe. Ní chuirfidh a leithéid d’iarchur isteach ar incháilitheacht an Chinn Scoile iarratas a dhéanamh ar an dara tréimhse de Shaoire Shabóideach nó ar thréimhse eile ina dhiaidh sin. Sa chás go gcuirtear Saoire Shabóideach ar athló le linn théarma Cinn Scoile, ríomhfar incháilitheacht don tSaoire Shabóideach seo agus do na tréimhsí ina dhiaidh sin ón dáta incháilitheachta bunaidh le feidhmiú mar atá leagtha amach sa Pholasaí maidir le Saoire Shabóideach.
- I gcúinsí eisceachtúla, nuair a dhéantar téarma Cinn Scoile a athnuachan, féadfaidh an Ceann Scoile iarratas a dhéanamh ar Shaoire Shabóideach atá nasctha lena g(h)náth-incháilitheacht faoin bPolasaí maidir le Saoire Shabóideach nó lena (h)incháilitheacht mar atá leagtha amach anseo, díreach ar chríochnú an chéad téarma agus roimh thús an dara téarma.

**Nótaí**

Tá eolas a bhaineann le cuid d’fhorálacha an doiciméid sna fonótaí seo a leanas.

[1] I gcásanna ina mbaineann Ceann Scoile a bhfuil a t(h)éarma oifige caite aige/aici leas as saoire chosanta (*e.g.*, saoire mháithreachais, saoire do thuismitheoirí, saoire bhreoiteachta), beidh an Ceann Scoile i dteideal iarratas a dhéanamh ar thréimhse de Shaoire Shabóideach a bhaineann lena t(h)éarma mar Cheann Scoile laistigh de thréimhse ama nach mó í ná tréimhse na saoire cosanta móide 12 mhí ón uair a chríochnóidh a t(h)éarma mar Cheann Scoile.

[2] Ní bheidh feidhm ag an incháilitheacht i leith tréimhse bhreise de Shaoire Shabóideach ach amháin sa chás go bhfuil téarma iomlán ceithre bliana curtha i gcrích ag Ceann Scoile.

[3] Luaitear i gClásal 2.5 den Polasaí maidir le Saoire Shabóideach: "*seachas i gcásanna eisceachtúla, ní dheonófar Saoire Shabóideach sa chás nach gcomhlíonfaidh an t-iarratasóir dhá bhliain féilire iomlána mar chomhalta foirne de chuid na hOllscoile i ndiaidh dó/di filleadh ón tSaoire"*. Measfar gur cúinse eisceachtúil maidir leis an riail seo téarma nó téarmaí a chríochnú mar Cheann Scoile, agus an teidlíocht ar Shaoire Shabóideach áirithe a bhaineann leis sin.